Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 18 Deireadh Fómhair 2023**
**(OR. en)**

**14404/23**

**LIMITE**

**CORLX 969**
**CFSP/PESC 1411**
**EPF AM 102**
**FIN 1064**
**COAFR 374**
**ACP 101**
**COPS 490**
**POLMIL 272**

PUBLIC

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 18 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad HR(2023) 223.

---

Faoi iamh: HR(2023) 223

AN tSEIRBHÍS EORPACH GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ

PUBLIC

**Togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig an gComhairle**

**an 12 Deireadh Fómhair 2023**

**le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024**

**HR(2023) 223**
*Limited*

PUBLIC

**EXPLANATORY MEMORANDUM**

On 18 October 2023, the Political and Security Committee (PSC) approved the replacement of Swiss non-governmental organisation by French operator DCI Group as implementing actor for part of an action in support to the Multi-National Joint Task Force against Boko Haram (MNJTF) financed under the assistance measure taking the form of a general programme for support to the African Union under the European Peace Facility for the period 2022-2024, pending the relevant amendment of Council Decision (CFSP) 2022/667 establishing said assistance measure.

PUBLIC

**Togra le haghaidh**

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 41(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2023, d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála moladh ón Ardionadaí maidir le gníomhaíocht chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta i gcoinne Boko Haram a mhaoineofar faoin mbeart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024.

(2) An 7 Márta 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/510[1] lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667, lenar cuireadh eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise, COGINTA, ar liosta na n-eintiteas ar féidir leo gníomhaíochtaí a chur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach faoin mbeart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024.

(3) An 18 Deireadh Fómhair 2023, d'fhormheas an Coiste Polaitiúil agus Slándála moladh ón Ardionadaí an t-oibreoir Francach, Défense Conseil International (DCI Group), a chur in ionad eagraíocht neamhrialtasach na hEilvéise, COGINTA, mar ghníomhaí cur chun feidhme do chuid den ghníomhaíocht chun tacú leis an Tascfhórsa Comhpháirteach Ilnáisiúnta.

(4) Dá bhrí sin, ba cheart DCI Group a chur san áireamh ar liosta na n-eintiteas a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024 i gCinneadh (CBES) 2022/667.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2022/667 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an téacs:

[1] Cinneadh (CBES) 2023/510 ón gComhairle an 7 Márta 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2022/667 ón gComhairle maidir le beart cúnaimh i bhfoirm clár ginearálta chun tacú leis an Aontas Afracach faoin tSaoráid Eorpach Síochána don tréimhse 2022 go 2024.

PUBLIC

'Liosta d'aireachtaí, ranna rialtais agus comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile dlí phoiblí de chuid na mBallstát, agus comhlachtaí arna rialú ag an dlí príobháideach a bhfuil misean seirbhíse poiblí acu a mhéid a tugadh ráthaíochtaí airgeadais leordhóthanacha dóibh, a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme ina n-iomláine nó i bpáirt ([2]):

— Deutsche Gesellschaft für Internationale Zusammenarbeit

— Expertise France

— Défense Conseil International (DCI Group)

Liosta na n-eintiteas neamhbhrabúis a fhéadfaidh gníomhaíochtaí faoin mbeart cúnaimh a chur chun feidhme go hiomlán nó go páirteach:

— COGINTA'

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

[2] Ní bhaineann an liosta seo ach leis an mbeart cúnaimh arna bhunú leis an gCinneadh seo, agus ní eisiatar leis an fhéidearthacht go bhféadfar eintitis eile a ainmniú do bhearta cúnaimh sa todhchaí, lena n-áirítear iad siúd atá i bhfoirm clár ginearálta.